2025/2319

19.11.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2319 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Samhain 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/527 a mhéid a bhaineann le hathruithe riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash'

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 1 Aibreán 2022, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/527 ón gCoimisiún ([2]) deonaíodh údarú Aontais, faoi uimhir EU-0026814-0000, do Procter & Gamble Services Company NV chun an táirge bithicídeach aonair 'ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid. Soláthraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair sin.

(2) An 9 Eanáir 2023, rinne Procter & Gamble Services Company NV fógra faoi athrú riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash' a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht'), i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún ([3]), ar fógra é a taifeadadh sa chlár do tháirgí bithicídeacha ('an clár') faoi chás-uimhir BC-CE083625-47. Is le hainmneacha trádála a chur isteach a bhaineann an t-athrú atá beartaithe agus faoina dtugtar fógra.

(3) An 20 Feabhra 2023, i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, chuir an Ghníomhaireacht tuairim ([4]) faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an athrú riaracháin ar tugadh fógra ina leith ar an údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash'. Sa tuairim uaithi, is é conclúid na Gníomhaireachta maidir leis an athrú atá beartaithe gur athrú riaracháin é dá dtagraítear in Airteagal 50(3), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus a shonraítear i dTeideal 1, Roinn 1, den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, agus go gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 19 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 528/2012 go fóill tar éis an athraithe sin a bheith curtha chun feidhme.

(4) An 20 Feabhra 2023, sheol an Ghníomhaireacht achoimre athbhreithnithe ar shaintréithe an táirge bhithicídigh le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash' chuig an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais lena gcumhdaítear an t-athrú riaracháin ar cuireadh iarratas isteach ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 11(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013.

(5) Aontaíonn an Coimisiún leis an tuairim ón nGníomhaireacht agus, dá bhrí sin, measann sé gurb iomchuí an t-údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash' a leasú chun an t-athrú riaracháin a d'iarr Procter & Gamble Services Company NV a thabhairt isteach.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/527 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2022 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair "ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash" (IO L 105, 4.4.2022, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/527/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe táirgí bithicídeacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/354/oj).

([4]) Tuairim UAD-C-1645823-31-00/F ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán an 20 Feabhra 2023 maidir le hathruithe riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash', https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

(6) Ach amháin i gcás na leasuithe a bhaineann leis an athrú atá beartaithe, an fhaisnéis eile uile atá san achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh 'ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash', mar a leagtar amach í san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/527, fanann sí gan athrú.

(7) Chun soiléireacht a fheabhsú agus chun éascú a dhéanamh ar rochtain úsáideoirí agus páirtithe leasmhara ar an leagan comhdhlúite den achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh atá le foilsiú ag an nGníomhaireacht, ba cheart Iarscríbhinn iomlán nua a chur in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/527. I ngeall ar athrú ar an bhformáid a úsáideadh chun an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a ghiniúint sa chlár i mí Feabhra 2024, ba cheart roinnt mionathruithe eagarthóireachta agus mionathruithe ar an leagan amach a bheith san achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh atá san Iarscríbhinn sin freisin.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/527 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/527.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Samhain 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

ACHOIMRE AR SHAINTRÉITHE AN TÁIRGE LE HAGHAIDH TÁIRGE BITHICÍDEACH

ARIEL Chlorine Professional System 5 Chlorine Bleach for white wash

Cineál nó cineálacha táirge

PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

Uimhir an údaraithe: EU-0026814-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0026814-0000

Caibidil 1. FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1. **Trádainm/trádainmneacha an táirge**

Trádainm/trádainmneacha	ARIEL Chlorine Professional System 5 Chlorine Bleach for white wash Ariel Professional S5 White Wash Stainbuster Ariel Professional S5 Vlekverwijderaar voor de witte was Ariel Professional S5 Fleckenentferner für Weiße Wäsche Ariel Professional S5 Détachant pour le linge blanc Ariel Professional S5 Odstranovac skvrn na bílé prádlo Ariel Professional S5 Odstranovac škvrn na bielu bielizen Ariel Professional S5 Folteltávolító fehér ruhákhoz Ariel Professional S5 Aditiv pentru îndepartarea petelor, pentru rufe albe Ariel Professional S5 Smacchiatore per capi bianchi Ariel Professional S5 Quitamanchas para ropa blanca Ariel Professional S5 Odplamiacz do białych tkanin Ariel Professional S5 Tira-nódoas para roupa branca Ariel Professional S5 Odstranjivac mrlja za bijelo rublje

1.2. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Procter & Gamble Services Company NV
	Seoladh	Temselaan 100 1853 Bruxelles/Brussel, BELGIQUE/BELGIË
Uimhir an údaraithe	EU-0026814-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0026814-0000	
Dáta an údaraithe	24 April 2022	
Dáta éaga an údaraithe	31 March 2032	

1.3. **Monaróir/monaróirí an táirge**

Ainm an mhonaróra	Sutter Industries S.p.A.
Seoladh an mhonaróra	Località Leigozze 1, Borghetto, 15060 Borbera, An Iodáil
Suíomh na láithreán monaraíochta	Sutter Industries S.p.A, site 1, Località Leigozze 1, Borghetto, 15060 Borbera, An Iodáil

1.4. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Active chlorine released from sodium hypochlorite
Ainm an mhonaróra	ALTAIR CHIMICA S.p.A.
Seoladh an mhonaróra	Via Moie Vecchie 13, 56048 Saline di Volterra (PI), An Iodáil
Suíomh na láithreán monaraíochta	ALTAIR CHIMICA S.p.A. site 1 Via Moie Vecchie n.13 56048 Saline di Volterra (PI) An Iodáil

Caibidil 2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Active chlorine released from sodium hypochlorite		Active substance			9,05 % (w/w)
Hipeaclóirít sóidiam	Hipeaclóirít sóidiam	Scaoilteoir	7681-52-9	231-668-3	9,5 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

SL Tiúchán intuaslagtha

Caibidil 3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM

Ráitis ghuaise	H290: D'fhéadfadh sé a bheith creimneach do mhiotail. H314: Ina chúis le dónna tromchúiseacha craicinn agus le damáiste don tsúil. H410: An-tocsaineach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha. EUH031: I dteagmháil le haigéid scaoiltear gás tocsaineach.
Ráitis réamhchúraim	P234: Coimeád i bpacáistiú bunaidh amháin. P260: Ná hanálaigh gala. P264: Nigh lámha go lánchúramach tar éis láimhsithe. P273: Ná scaoiltear amach sa chomhshaol. P280: Caith lámhainní cosanta. P280: Caith súilchosaint. P280: Caith éadaí cosanta. P310: Cuir glao láithreach ar ionad nimhe nó ar dhochtúir. P301+P330+P331: MÁ SHLOGTAR É: sruthlaítear an béal. NÁ spreagtar urlacan.

	P303+P361+P353: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN gCRAICEANN (nó le gruaig): Bain díot láithreach na héadaí éillithe go léir. Sruthlaítear an craiceann le huisce [nó glac cithfholcadh]. P304+P340: MÁ IONANÁLAÍTEAR É: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P363: Nigh éadaí éillithe sula ndéanfar iad a athúsáid. P390: Ionsúigh doirteadh chun damáiste d'ábhar a chosc. P391: Bailigh doirteadh. P405: Stóráil faoi ghlas. P501: Diúscair ábhar i gcomhréir le rialacháin áitiúla. P501: Diúscair coimeádán i gcomhréir le rialacháin áitiúla.

Caibidil 4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Dífhabhtú níocháin (níochán meaisín) sa chéim sruthluithe iar-níocháin

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	—
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh I meaisíní gairmiúla níocháin (amhail meaisíní níocháin i mbialanna, óstáin, áiseanna nach mbaineann le cúram sláinte) trí chláir dhúnta maidir le cláir dháilte uathoibríocha: Dífhabhtú línéadaigh tar éis glanta. Ní féidir an táirge seo ach a úsáid ach amháin le trealamh gairmiúil uathoibríoch dáilte de chuid Procter & Gamble. Níl an táirge seo údaraithe do dháileoga a thabhairt de láimh.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: closed system Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: —
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 10,0 mL/L Airí uainithe: Cuirtear an táirge leis uair amháin trí dháileog uathoibríoch a thabhairt, do dhífhabhtú níocháin ghlain: tar éis na céime níocháin/glanta seachadta trí úsáid Ariel S1 Actilift detergent (ainm tráchtála de Ariel System S1) , draenáiltear/baintear amach an t-uisce. Tar éis céim athlíonta le huisce úr, cuirtear an táirge leis don phríomhníochán / don chéad fholcadh sruthlaithe. Tá an táirge éifeachtúil ar earraí glana nuair a úsáidtear é ag 10 mL/L é le linn 15 nóiméad teagmhála ag + 40 °C (cóimheas licéir = 1:5; le lasta ballasta 4 kg)

Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	ceanastar HDPE 10 L-20 L le hanla múnlaithe agus glas sábháilteachta & caipín eochrach. Deimhnithe ag na Náisiúin Aontaithe d'Earraí contúirteacha.

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

Caibidil 5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE ([1])

5.1. **Treoracha úsáide**

Tá ARIEL Chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash ina tháirge bithicídeach agus tá sé ceaptha le húsáid le linn an phríomhníocháin amháin, tar éis an réamhníocháin le trealamh dáilte Procter & Gamble Professional do dhífhabhtú níocháin ghlain:

— Glantachán Céim 1 le Ariel System S1 (is fhéidir tagair dó mar réamhníocháin nó príomhníocháin) ag 40 °C ar feadh 10 nóim: Déantar an t-uisce níocháin a thriomú agus a bhaint amach, agus athlíontar é le huisce úr roimh chéim 2;

— Dífhabhtú Céim 2: is fhéidir tagair dó mar phríomhníocháin (más réamhníochán í an chéad chéim) nó mar chéad folcadh sruthlaithe (más príomhníochán é an chéad chéim). Déantar an dara céim ina bhfuil ARIEL Chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash i gcónaí ag 40 °C ar feadh 15 nóiméad. Leantar é seo le aon nó dhá chéim sruthlaithe agus draenála agus ar dheireadh le baineadh amach trí chasadh.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Le linn an táirge a láimhseáil agus le linn cothabháil mheaisíní (deisiú córais dáilte bhriste):

— Caith lámhainní cosanta atá díonach ar cheimiceáin (EN374).

— Caith cosaint súl (EN166)

— Caith forchóta cosanta (le sonrú ag sealbhóir údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge).

([1]) [1]Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáid údaraithe.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine arna nochtadh in ann slogadh. NÁ spreagtar urlacan. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

I GCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN GCRAICEANN: Nigh láithreach le neart uisce. Bain díot aon éadaí éillithe agus nigh iad roimh iad a athúsáid. Nigh le gallúnach agus le huisce agus lean ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I GCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Cuir glao láithreach ar 112/otharcharr le cúnamh leighis a fháil.

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair amach faoin aer agus coimeád socair i suíomh atá compordach d'análú. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Maidir le srianadh:

Scúpáil substaint ionsúite isteach i gcoimeádáin dhúnta. Ná húsáid coimeádáin mhiotail.

Modhanna chun glanadh:

Cainníochtaí beaga de dhoirteadh leachtach: tóg suas in ábhar ionsúiteach neamh-indóite agus sluaisteáil isteach i gcoimeádán lena dhiúscairt. Doirteadh mór: coinnigh substaint a scaoiltear, caidéalaigh í i gcoimeádáin oiriúnacha. Ná húsáid coimeádáin mhiotail.

Diúscairt:

Ní mór an t-ábhar seo agus a choimeádán a dhiúscairt ar bhealach sábháilte i gcomhréir leis na rialacháin áitiúla/réigiúnacha/náisiúnta.

Ná sceith táirge nach n-úsáidtear ar an talamh, isteach i sruthchúrsaí, isteach i bpíopaí (doirteal, leithris...) ná síos sna draein.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Coinníollacha stórála:

Coimeád sa bhun-choimeádán.

ábhair neamh-chomhoiriúnacha:

Miotail, aigéid. Imoibríonn sé le (roinnt) aigéid: scaoileadh gás/gala (ard-)tocsaineach(a) (clóirín). D'fhéadfadh sé a bheith creimneach do mhiotail.

Toirmisc ar stóráil mheasctha:

Coinnigh sa bhun-choimeádán amháin in áit fionnuar, aeráilte go maith amach ó aigéid (láidre).

Limistéar stórála:

Stóráil i limistéar fionnuar. Stóráil in áit thirim.

Ná stóráil ag teocht os cionn 30 °C.

Cosnaítear ón tsioc é.

Coinnigh amach ó sholas díreach na gréine.

Seilfré: 12 mí

Caibidil 6. FAISNÉIS EILE

—